Páipéar Samplach 1
Gaeilge: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Mairfidh an triail seo tuairim is fiche nóiméad. Tá trí chuid sa triail: Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

Fógra a haon

Seo fógra ó Údarás na Gaeltachta. Tá Údarás na Gaeltachta ag lorg duine do phost mar Oifigeach Chaitheamh Aimsire. Beidh an duine a cheapfar ar dualgas i nGaeltacht Chiarraí, in áiteanna mar Cheann Trá, Baile na nGall agus an Buailtín. Beidh sé nó sí ag eagrú siúlóidí sa cheantar. Beidh obair phoiblíochta le déanamh freisin. Is gá sáreolas a bheith ag an duine a cheapfar ar Ghaeltacht Chiarraí agus ar stair na háite. Tá Gaeilge líofa riachtanach chomh maith. Cuir iarratas agus C.V. chuig an Rúnaí, Coiste Forbartha na Gaeltachta, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Fógra a dó

Seo fógra ó Fhoras na Gaeilge. Tá Foras na Gaeilge bródúil as a bheith páirteach i gcéim mhór eile i gcur chun cinn na Gaeilge. Beidh foclóir nua Béarla-Gaeilge á sheoladh in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin seo chugainn. Foclóir é seo a rinneadh go speisialta don fhón póca. Is i bpáirt leis an gcomhlacht teicneolaíochta ‘Seol – Maith thú!’ a cuireadh an foclóir nua seo le chéile. Beidh aistriúchán ar 12,000 téarma ó Bhéarla go Gaeilge san fhoclóir. Is féidir an foclóir a íoslódáil chuig do fhón póca ar chostas €5 ach dul chuig an suíomh idirlín focalgaeilge.ie agus na treoracha ansin a leanúint. Tá moladh mór faighte ag an bhfoclóir ó na múinteoirí a bhain triail as.

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Comhrá a haon

Aindriú: Is breá liom a fheiceáil go bhfuil deireadh le cuid mhór den chaint dhiúltach faoin staid uafásach atá ar eacnamaíocht na tíre. A bhuíochas sin don rialtas nua is dócha, atá céad lá in oifig inniu.

Síle: Tá an ceart agat, a Aindriú. Tá spiorad níos fearr san áit agus daoine níos dearfaí … ach tá fadhbanna móra fós againn. An dífhostaíocht agus an imirce go speisialta.

Aindriú: Sea, aithním é sin, a Shíle, ach tá comharthaí dóchais ann freisin. Tá infheistíocht tosaithe sna tionscail ghlasa, agus tá a lán earraí ag dul amach as an tír. Tiocfaidh jabanna as an dá rud sin, na tionscail ghlasa agus an easpórtáil go tíortha eile.

Síle: Tiocfaidh in am trátha, a Aindriú, ach tógfaidh sé tamall. Ní fás aon oíche a bheidh ann. An fhadhb is mó ná go bhfuil foighne agus misneach daoine óga ag trá agus ag imeacht. Níl siad sásta fanacht timpeall go dtiocfaidh an borradh seo. Tá siad ag imeacht leo go dtí an Astráil, áit a bhfuil an-chuid jabanna ar fáil.

Aindriú: Bhuel, a Shíle, chuala tú an seanfhocal ‘is glas iad na cnoic i bhfad uainn’. Ach ní éiríonn go maith le gach duine óg a theann as seo go dtí an Astráil.

Síle: Ó sea, bíonn drochscéal ann i gcónaí agus mí-ádh ar dhaoine áirithe, tuigim sin. Ach tá ag éirí go maith

leis an gcuid is mó de na daoine óga as Éirinn a chuaigh go dtí an Astráil le blianta beaga anuas. Tá siad ag déanamh airgead mór.

Aindriú: Ní leigheas é an t-airgead ar gach aon fhadhb.

Síle: Ní hé an t-airgead an t-aon bhuntáiste atá ag an Astráil, a Aindriú. Smaoinigh ar an aeráid álainn atá acu agus ar na jabanna iontacha; agus tá an costas maireachtála íseal ansin.

Aindriú: Agus cad faoi na buntáistí a bhaineann leis an mbaile – clann agus cairde agus cultúr na tíre?

Síle: Nílim ag easaontú leat, a Aindriú, ach caithfear aghaidh a thabhairt ar na fíricí gruama: deirtear go n-imeoidh 50,000 duine eile roimh dheireadh na bliana agus is mór an chailliúint é sin.

Comhrá a dó

Ciarán: Bhí Des Bishop, an fear grinn as Meiriceá, sa nuacht ansin i dtús na bliana. Chuir sé cuid dá sheónna ar ceal. Fuair a athair bás i Nua-Eabhrac. Bhí ailse air.

Nóirín: Bíonn Des sa nuacht go minic. Is bronntanas ó neamh anuas é do na heagraíochtaí Gaeilge. Smaoinigh air: Meiriceánach ag labhairt Gaeilge bhinn bhlasta Chonamara.

Ciarán: Ach is é an rud is iontaí ar fad gur rugadh i Nua-Eabhrac é agus nár tháinig sé go hÉirinn go raibh sé trí bliana déag d'aois.

Nóirín: Sea, agus rud eile fós atá beagnach dochreidte: níor thóg sé ach bliain air máistreacht a fháil ar an nGaeilge!

Ciarán: Nach mór an náire dúinne, a Nóirín, an Ghaeilge lofa atá againne agus muid á foghlaim ó bhíomar inár naíonáin!

Nóirín: Bhuel, chónaigh Des Bishop tamall i nGaeltacht Chonamara, agus d'fhoghlaim sé an Ghaeilge in aon bhliain amháin, a Chiaráin. Ní bhíonn againn ach cúpla focal chuile lá sa rang.

Ciarán: Tá an ceart agat, a Nóirín. Rachaimid go dtí an Ghaeltacht an samhradh seo

Nóirín: Conas a gheobhaimid eolas faoi na cúrsaí Gaeltachta? Tá costas ard orthu agus ba mhaith liom ceann fiúntach a roghnú, áit a mbeidh spórt agus spraoi ann agus caighdeán maith i labhairt na Gaeilge freisin.

Ciarán: Tá a fhios agat an múinteoir nua Gaeilge sin, an fear óg rua a chaitheann na spéaclaí. Tá seisean bainteach le coláiste éigin. Iarrfaimid na foirmeacha air agus gheobhaimid an t-eolas go léir.

Nóirín: Iontach! Cá bhfios nach dtiocfaidh feabhas mór ar ár gcuid Gaeilge i gConamara agus beidh spórt againn chomh maith!

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Píosa a haon

Tugadh onóir do Pheadar Mac Suibhne, an dochtúir áitiúil, ag ócáid mhór ar an Chlochán Liath an tseachtain seo caite. Tháinig slua mór daoine le chéile le ceiliúradh a dhéanamh ar an dá scór bliain atá caite ag Peadar ag obair in otharlann an Chlocháin Léith. Tháinig Peadar go dtí an Clochán Liath i 1971 mar ionadaí don dochtúir a bhí ann ag an am agus tá sé ann ó shin. I dtús ama bhíodh a chuid clinicí ar siúl aige in Anagaire agus ina theach cónaithe.

Le blianta fada anois is san Ionad Sláinte in aice leis an otharlann atá na seomraí aige, rud atá an-oiriúnach do mhuintir na háite.

Píosa a dó

Tá fear óg as an gCeathrú Rua, Ritchie Ó hEadhra, ceaptha mar oifigeach forbartha Gaeilge do Chontae Loch Garman. Is fear é Ritchie a bhfuil aithne mhaith air mar láithreoir clár teilifíse ar TG4. Tá sé i gceist ag Ó hEadhra clár imeachtaí Gaeilge a eagrú don Chontae. Beidh béim á leagan ar ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, ar imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge i mbailte agus i sráidbhailte an chontae, agus ar chlár ealaíne do dhaoine fásta agus do pháistí. Chomh maith leis sin, eagrófar Féile Ealaíne Loch Garman gach samhradh as seo amach.

Sin deireadh na trialach. Slán.